Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

**An Bhruiséil, 31 Lúnasa 2026**

**CM 3952/26**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2026/0144(BUD)**
**2026/0196(BUD)**

**PROCED**
**BUDGET**

# TEACHTAIREACHT

## AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | ecofin2a@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32 2 281 93 50<br>+32 2 281 25 28 |
| Ábhar: | Glacadh na seasamh ón gComhairle maidir le:<br>- dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2/2026: Nuashonrú ar ioncam (acmhainní dílse) agus coigeartuithe ar chaiteachas<br>- dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2027<br>*= An nós imeachta i scríbhinn a thionscnamh* |

Ag eascairt as an gcinneadh a rinne Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2), an 15 Iúil 2026, an nós imeachta i scríbhinn a úsáid, iarrtar oraibh a chur in iúl an aontaíonn sibh leis an méid seo a leanas:

(1) (a) glacadh **an tseasaimh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2 a ghabhann leis an mbuiséad ginearálta do 2026**, lena nglactar leis an togra ón gCoimisiún gan aon athrú, mar a mhínítear in 11539/26, agus é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, mar a leagtar amach in IARSCRÍBHINN 1 a ghabhann le 11539/26 é agus

(b) sainordú a thabhairt don Uachtaránacht an seasamh ón gComhairle mar aon leis an meabhrán míniúcháin a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 314(3) CFAE, agus an dréachtlitir chuige sin a leagtar amach in IARSCRÍBHINN 2 a ghabhann le 11539/26 a fhormheas;

(c) formheas an ráitis tionlacain ón gComhairle, mar a leagtar amach in 11539/26 ADD 1 é.

(2) (a) glacadh **an tseasaimh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2027**, lena nglactar le hathruithe na Comhairle ar an togra ón gCoimisiún, mar a mhínítear in 11544/26 + ADD 1 + ADD 2, agus é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, mar a leagtar amach in IARSCRÍBHINN 1 a ghabhann le 11544/26;

(b) sainordú a thabhairt don Uachtaránacht an seasamh ón gComhairle mar aon leis an meabhrán míniúcháin a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 314(3) CFAE, agus an dréachtlitir chuige sin a leagtar amach in IARSCRÍBHINN 2 a ghabhann le 11544/26 a fhormheas;

(c) formheas na ráiteas tionlacain ón gComhairle, mar a leagtar amach in 11544/26 ADD 1 iad.

**Iarrtar oraibh 'AONTAÍMID', 'NÍ AONTAÍMID' nó 'STAONAIMID' a thabhairt mar fhreagra.**

Is tráth a fhreagraítear na ceisteanna ba cheart aon ráitis aontaobhacha a dhéanamh, cé is moite de na ráitis aontaobhacha a rinneadh cheana ag Coreper.

Ní mór na freagraí a bheith faighte ag Ardrúnaíocht na Comhairle **faoi 12.00 (am na Bruiséile) Dé hAoine, an 4 Meán Fómhair 2026, ar a dhéanaí**. Ba cheart iad a chur le r-phost chuig **grazia-mattea.targa@consilium.europa.eu**, **aimar.ferranguijarro@consilium.europa.eu**, **karen.geeraert@consilium.europa.eu** agus **athanasios.gkoutlas@consilium.europa.eu**.